# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE UIMH. 142/2019

## an 14 Meitheamh 2019

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Ábhair tréidliachta agus fíteasláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2134]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/111 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 maidir le húdarú eastóscáin leanlusanna (*Humulus lupulus* L. flos) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite, muca lena ramhrú agus mionspeicis mhucúla scoite agus lena ramhrú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/144 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2019 maidir le húdarú ullmhóide 3-fíotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (CECT 13094) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga nó lena bpórú (sealbhóir an údaraithe Fertinagro Biotech S.L.) ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Baineann an Cinneadh seo le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 283 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/49 ón gCoimisiún) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'284. **32019 R 0111**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/111 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 maidir le húdarú eastóscáin leanlusanna (*Humulus lupulus* L. flos) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite, muca lena ramhrú agus mionspeicis mhucúla scoite agus lena ramhrú (IO L 23, 25.1.2019, lch. 14).

285. **32019 R 0144**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/144 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2019 maidir le húdarú ullmhóide 3-fíotáis arna táirgeadh ag *Komagataella pastoris* (CECT 13094) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga nó lena bpórú (sealbhóir an údaraithe Fertinagro Biotech S.L.) (IO L 27, 31.1.2019, lch. 8).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/111 agus 2019/144 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 23, 25.1.2019, lch. 14.
([2]) IO L 27, 31.1.2019, lch. 8.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Claude MAERTEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.